Ceannteideal Tuairisce	Ar an fhaisnéis anseo tá:
Cumarsáid sa Ghaeilge (Teanga agus Litearthacht san áireamh) Ní thuairiscítear uirthi ach i scoileanna Gaelscolaíochta	Cur síos ar chumas do pháiste faisnéis agus smaointe a chur in iúl ar dhóigh chuí chruthaitheach i nGaeilge (Eochairchéim 1 & 2). San áireamh anseo tá labhairt agus éisteacht, léitheoireacht agus scríbhneoireacht chomh maith le cumarsáid neamhbhriathartha agus úsáid teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide (TFC).
Cumarsáid (Teanga agus Litearthacht san áireamh)	Cur síos ar chumas do pháiste faisnéis agus smaointe a chur in iúl ar dhóigh chuí chruthaitheach i mBéarla (Eochairchéim 2 amháin). San áireamh anseo tá labhairt agus éisteacht, léitheoireacht agus scríbhneoireacht chomh maith le cumarsáid neamhbhriathartha agus úsáid teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide (TFC).
Matamaitic á hÚsáid (Matamaitic agus Uimhearthacht san áireamh)	Cur síos ar chumas do pháiste coincheapa, próisis agus tuiscint na matamaitice a chur in iúl ar dhóigh chuí i gcomhthéacsanna éagsúla trasna an churaclaim.
TFC á hÚsáid	Cur síos ar chumas do pháiste faisnéis a láimhseáil agus a chur in iúl, fadhbanna a réiteach, agus ceisteanna a chur trí theicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide (TFC) a úsáid i gcomhthéacsanna éagsúla trasna an churaclaim.
Scileanna Smaointeoireachta agus Ábaltachtaí Pearsanta • Faisnéis á Bainistiú • Smaointeoireacht, Fadhbréiteach agus Cinnteoireacht • Bheith Cruthaitheach • Comhoibriú le Daoine Eile • Féinbhainistiú	Cur síos ar chumas do pháiste brí a chuardach, smaointe a chur i bhfeidhm, patrúin agus gaolta a anailísiú, rud nua a chruthú agus a dhearadh, agus monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn agus é a mheas.
Na hEalaíona	Cur síos ar dhul chun cinn do pháiste in Ealaín agus Dearadh, sa Drámaíocht agus i gCeol.
An Domhan Thart Orainn	Cur síos ar dhul chun cinn do pháiste sa Tíreolaíocht, sa Stair, san Eolaíocht agus sa Teicneolaíocht.
Forbairt Phearsanta agus Comhthuiscint	Cur síos ar dhul chun cinn do pháiste le bheith ina saoránach muinineach, neamhspleách, freagrach atá ábalta roghanna agus cinntí eolacha freagracha a dhéanamh i gcaitheamh a shaoil nó a saoil. Díríonn an réimse seo ar gach páiste a spreagadh le saol sláintiúil, sábháilte, comhlíonta a chaitheamh.
Corpoideachas/ Forbairt Fhisiciúil agus Gluaiseacht	Cur síos ar fhorbairt, ar shláinte agus ar leas fisiciúil do pháiste.
Fócas le hAghaidh Forbartha	Cur i láthair ar chuspóirí gearra ar leith a fhágann go dtig leat bheith ag obair i gcomhar le múinteoir do pháiste chun cuidiú le do pháiste foghlaim agus forbairt.
Spéiseanna agus Láidreachtaí	Cur síos ar spéiseanna do pháiste, ar na rudaí ar éirigh leis nó léi iontu, ar thalanna agus láidreachtaí nár luadh i réimsí eile den Tuairisc Bhliantúil.

Abair go bhfuil riachtanais speisialta oideachais ag mo pháiste?

Formhór na bpáistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, gheobhaidh siad Tuairisc Bhliantúil a bheidh ar aon dul leis an cheann a gcuirtear síos air.

Má tá deacrachtaí troma foghlama (SLD) nó ildeacrachtaí doimhne foghlama (PMLD) ag do pháiste is féidir go bhfaighidh siad tuairisc faoi cheannteidil dhifriúla.

An féidir an Tuairisc Bhliantúil a úsáid le haghaidh cúrsaí roghnaithe ag leibhéal na hiar-bhunscolaíochta?

Ní féidir. Ní úsáidfear an Tuairisc Bhliantúil ar an dóigh seo.

Tábla Achoimre

Bliain	InCAS	Cruinniú Tuismitheoirí	Tuairisc Bhliantúil
Bliain 1, 2 nó 3	Ní riachtanas é	Ag am a socróidh an scoil é	Gheobhaidh tuismitheoirí é roimh 30 Meitheamh gach bliain
Bliain 4, 5, 6 nó 7	Déanfar Léitheoireacht agus Mata Ghinearálta le linn théarma an fhómhair	I ndiaidh mheasúnuithe InCAS i dtéarma an fhómhair	

Cad é mar is féidir liom eolas breise a fháil?

Tá an t-eolas is déanaí ar fáil ó roinn InCAS & Tuairisc Bhliantúil de www.nicurriculum.org.uk

Tá eolas breise ar InCAS ar fáil ó www.incasproject.org

COUNCIL FOR THE CURRICULUM EXAMINATIONS AND ASSESSMENT 29 Clarendon Road, Clarendon Dock, Belfast BT1 3BG
✆ +44 (0)28 9026 1200 +44 (0)28 9026 1234 +44 (0)28 9024 2063 info@ccea.org.uk www.ccea.org.uk
Rewarding Learning

Northern Ireland Curriculum

Eolas do Thuismitheoirí Páistí i mBunscoileanna

InCAS, Cruinnithe Tuismitheoirí agus an Tuairisc Bhliantúil

Leagann an Roinn Oideachais riachtanais áirithe amach le do pháiste a mheas agus le tuairisc a chur chugat féin. Socruithe reachtúla a thugtar orthu seo.

Ina measc seo úsáidtear Córas Measúnachta Ríomhairithe Idirghníomhach (InCAS), do bhliainghrúpaí áirithe, cruinniú tuismitheoirí agus an Tuairisc Bhliantúil.

Tá socruithe InCAS á dtabhairt isteach de réir a chéile i mBunscoileanna Thuaisceart Éireann ó 2007.

Is féidir go bhfuil tuismitheoirí áirithe eolach ar na socruithe seo cheana féin. Dóibh siúd nach bhfuil, tugtar míniú orthu sa bhileog eolais seo.

Anseo thíos tá na céimeanna a bheidh i gceist:

Céim 1: InCAS

Le linn théarma an fhómhair, má tá do pháiste i mBliain 4, 5, 6 nó 7 comhlánóidh siad InCAS sa Léitheoireacht agus sa Mhata Ghinearálta. Is féidir iad seo a dhéanamh i mBéarla nó i nGaeilge. Tabharfar na torthaí duit i scríbhinn le linn théarma an fhómhair.

Má tá do pháiste i mBliain 1, 2 nó 3 ní dhéanfaidh siad measúnuithe InCAS.

Céim 2: Cruinniú Tuismitheoirí

Má tá do pháiste i mBliain 4, 5, 6 nó 7 cuirfear cuireadh ort chuig cruinniú le múinteoir do pháiste le linn théarma an fhómhair.

Má tá do pháiste i mBliain 1, 2 nó 3, is cleachtadh ginearálta é go gcuirfear cruinniú tuismitheoirí ar fáil duit ag am a shocróidh an scoil agus a oirfidh don fhoghlaim agus don teagasc atá ar bun.

Céim 3: Tuairisc Bhliantúil

Roimh dheireadh na scoilbhliana, gheobhaidh tú Tuairisc Bhliantúil faoi cheannteidil atá ar aon dul le Curaclam Athbhreithnithe Thuaisceart Éireann don bhliainghrúpa ina bhfuil do pháiste.

A Thuilleadh faoi

InCAS

Is measúnú ríomchuidithe é InCAS mar a roghnaítear an chéad cheist de réir aois do pháiste. Beidh ceisteanna eile ag brath ar an dóigh a bhfreagraíonn do pháiste. Má fhreagraíonn siad i gceart iad, éireoidh na ceisteanna níos deacra, agus mura bhfreagraíonn siad i gceart iad éireoidh siad níos fusa.

Ciallaíonn sé seo go dtéann InCAS in oiriúint do chumas do pháiste agus go gcuidíonn sé le láidreachtaí agus le réimsí atá le feabhsú a shainaithint. Ar an dóigh seo beidh an teagasc agus an fhoghlaim a phleanálann an múinteoir ag riar ar riachtanais do pháiste.

Cad é an chuma a bheidh ar thorthaí InCAS?

Déanfaidh InCAS amach Aois Léitheoireachta agus Aois Mhata Ginearálta do do pháiste.

Mar shampla, tá do pháiste 9 mbliana d'aois agus is féidir go bhfuil Aois Léitheoireachta InCAS de 11 bhliain acu. Ciallaíonn sé seo go bhfuil a gcumas léitheoireachta ar an leibhéal céanna le páiste 11 bhliain d'aois i dTuaisceart Éireann de réir InCAS.

An ndéanann páistí measúnuithe eile seachas InCAS ar scoil anois?

Déanann. Déanfaidh múinteoirí do pháiste a mheas i rith na scoilbhliana agus réimse de mhodhanna in úsáid go fóill acu. Ar na modhanna seo beidh marcáil obair ranga, obair bhaile agus teisteanna chomh maith le breathnuithe an mhúinteora féin.

Is é, InCAS an t-aon mheasúnú amháin, áfach, a **chaithfear** a dhéanamh agus a thuairisciú duit i scríbhinn i dtéarma an fhómhair.

Abair go bhfuil riachtanais speisialta oideachais ag mo pháiste?

Formhór na bpáistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, beidh orthu InCAS a chomhlánú.

Ní thabharfar díolúine ach do na páistí sin a bhfuil deacrachtaí troma foghlama (SLD) nó ildeacrachtaí doimhne foghlama (PMLD) acu.

An féidir torthaí InCAS a úsáid le haghaidh cúrsaí roghnaithe ag leibhéal na hiar-bhunscolaíochta?

Ní féidir. Ní úsáidfear torthaí InCAS ar an dóigh seo.

Níl siad le húsáid ach don scoil amháin.

A Thuilleadh faoi

Chruinniú na dTuismitheoirí

Cad é a bheidh difriúil i mbliana?

Má tá do pháiste i mBliain 4, 5, 6 nó 7, cuirfear cuireadh ort chuig cruinniú tuismitheoirí i dtéarma an fhómhair. Tabharfar faisnéis duit faoi dhul chun cinn do pháiste trasna an churaclaim.

Pléifidh an múinteoir leat chomh maith torthaí do pháiste i Léitheoireacht agus i Mata Ghinearálta InCAS, cad é atá i gceist leis na torthaí seo do do pháiste agus cén dóigh ar féidir cuidiú lena c(h)uid foghlama ar scoil agus sa bhaile.

Abair go bhfuil riachtanais speisialta oideachais ag mo pháiste?

Má tá riachtanais speisialta oideachais ag do pháiste agus má tá siad i mBliain 4, 5, 6 nó 7 cuirfear cuireadh ort chuig cruinniú tuismitheoirí le linn théarma an fhómhair. Pléifidh an múinteoir dul chun cinn do pháiste trasna an churaclaim agus na pleananna atá ann chun tacú lena bhforbairt san am atá le teacht.

Má rinne do pháiste measúnuithe InCAS, pléifidh an múinteoir chomh maith torthaí na measúnuithe seo.

A Thuilleadh faoi

Tuairisc Bhliantúil

Beidh faisnéis sa Tuairisc Bhliantúil faoi dhul chun cinn do pháiste i rith na bliana agus sainaithneofar inti na réimsí sin a chaithfear a fheabhsú. Tugtar míniú ar an ábhar a bheidh inti ar an chéad leathanach eile: